Dúshlán Fuinnimh Heilsincí “Rud éigin cruthaitheach a dhéanamh, a dtairbheodh cathracha eile de, sin a bhí uainn”

Agallamh le Jan Vapaavuori, Méara Heilsincí ó 2017 go 2021.

D'eagraigh cathair Heilsincí comórtas dearaidh idirnáisiúnta ó mhí Feabhra 2020 go Márta 2021 ag iarraidh réiteach trína bhféadfaí deireadh a chur lena chóras teasa ceantair guail agus gáis de réir a chéile faoi 2035. Roinn Jan Vapaavuori, a bhí ina Mhéara ar Heilsincí ag an am, na ceachtanna a foghlaimíodh ón “Dúshlán Fuinnimh Heilsincí” seo.

photo: Jetro Stavén

Cérbh iad na príomhchúiseanna le Dúshlán Fuinnimh Heilsincí a lainseáil?

Jan Vapaavuori: *“Bhí dhá fhís taobh thiar den tionscadal seo. Ar dtús, bhí dúshlán casta romhainn, nárbh eol dúinn conas é a réiteach. Ar an dara dul síos, theastaigh uainn go rachadh ár ngníomhartha chun leasa cathracha eile.*

Tá gealltanas tugtha ag Heilsincí a bheith neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2035. Faoi láthair, is é earnáil téimh agus fuaraithe na cathrach a tháirgeann os cionn 50% d’astaíochtaí na cathrach. Ina theannta sin, ó 2029, beidh toirmeasc san Fhionlainn ar ghual a dhó chun fuinneamh a tháirgeadh. I láthair na huaire, tá dhá ghléasra Teasa agus Cumhachta Comhcheangailte (CHP) gualbhreoslaithe againn a sholáthraíonn córas téimh agus fuaraithe ceantair ar fud na cathrach (DHC). Dúnfaimid ceann acu in 2023, ach ní raibh roghanna in-athnuaite againn don cheann eile. Bhí sé de rogha againn bithmhais a úsáid in ionad guail, arb é sin an gnáthréiteach. Ach ní chreidim gur réiteach inbhuanaithe é ach an oiread bithmhais a dhó ar scála ollmhór. Mar sin, nuair a bhí bithmhais curtha i leataobh againn, ní raibh aon fhreagra soiléir againn ar an gcaoi a bhféadfaimis ár ngreille DHC a dhícharbónú.

Ina theannta sin, ba mhaith linn a bheith inár gcathair cheannródaíoch, theastaigh uainn rud éigin cruthaitheach a dhéanamh a rachadh chun leasa cathracha eile. Mar sin

thugamar cuireadh don chuid eile den domhan cabhrú linn an fhadhb a réiteach. Ba léir ón tús go bhféadfadh roinnt réitigh a mhol na hiomaitheoirí a bheith ábhartha do chathracha eile. Is é fealsúnacht chathair Heilsincí an chathair féin a dhéanamh neodrach ó thaobh na haeráide de agus ina theannta sin cur le hiarrachtaí an chuid eile den domhan an rud céanna a dhéanamh.

Fuaireamar spreagadh ó chathair Nua Eabhrac a raibh comórtais den chineál seo á reachtáil acu le tamall, comórtais ar thug siad MoonShot Challenges orthu.

Cad iad na rudaí is mó a d'fhoghlaim tú?

D'fhoghlaim mé nach leor mar chathair úinéireacht 100% a bheith agat ar do chuideachta fuinnimh, teastaíonn dlúth-chomhoibriú leis an gcuideachta sin chun ról níos mó a bheith agat mar chathair san iarracht chun réiteach a fháil ar an dúshlán is mó atá le sárú ag an gcine daonna i saol an lae inniu. Ní féidir leat an fhadhb a bhaineann le do chóras teasa a dhícharbónú a tharmligean chuig cuideachta, fiú más leatsa 100% é. Ní fadhb theicniúil amháin atá i gceist le téamh agus fuarú a dhícharbónú.

Rud eile a d'fhoghlaim mé ná go gcaithfidh tú córas a chruthú atá chomh solúbtha agus is féidir. D'fhoghlaimíomar go dtógann an teicneolaíocht céimeanna chun tosaigh gach aon lá. Ba cheart dúinn iarracht a dhéanamh córas a chruthú áit nach dtéimid i muinín teicneolaíochtaí a bheidh as dáta i gceann dhá bhliain. Caithfimid éiceachóras a chruthú a bheidh solúbtha agus inoiriúnaithe do theicneolaíochtaí nua sa todhchaí.

Leideanna do dhúshlán rathúil fuinnimh

Roinneann Laura Uuttu-Deschryvere, Stiúrthóir Tionscadail Dúshlán Fuinnimh Heilsincí, agus Kaisa-Reeta Koskinen, Stiúrthóir Tionscadail Heilsincí Neodrach ó thaobh Carbóin, a gcuid aiseolais ar eagrú an Dúshláin. Leideanna úsáideacha duitse chun a leithéid de chomórtas a reáchtáil i do chathair féin!

Eagraíodh Dúshlán Fuinnimh Heilsincí in dhá chéim: céim iarratais oscailte ina bhfuair an chathair 232 iarratas ó 35 tír, agus ansin céim chomhchruthaithe le deich bhfoireann ar ghearrliosta. Sa chéad chéim, b'éigean d'iarratasóirí a chur ina luí ar an ngiúiré i nóta gairid mínithe go raibh an cumas ag na réitigh a mhol siad an cheist a réiteach agus go raibh sé de chumas ag a bhfoireann tabhairt faoin dara céim. Sa chéim chomhchruthaithe, chuir an chathair faisnéis bhreise ar fáil maidir lena gcórais DHC, ionas go bhféadfadh na

hiomaitheoirí sa bhabhta ceannais máistirphlean mionsonraithe a mholadh chun sprioc na cathrach maidir le dícharbónú a bhaint amach. Tá ceithre thoisc ann a fhéadann cabhrú leis an gcomórtas an toradh a shamhlaítear dó a bhaint amach.

1. Coinnigh an dúshlán ar oscailt

Ní réitigh theicneolaíocha ar leith a bhí á lorg ag cathair Heilsincí, ach máistirphleananna cuimsitheacha trína ndéanfaí nuálaíocht agus smaointeoireacht chórais a chomhtháthú chun an dúshlán a réiteach. Mar sin, níor shainigh siad aon srianta ar na réitigh a bhí le moladh. Mar gheall ar éagsúlacht mhór na dtograí a fuarthas (ó cheantanna téimh ghlain go réitigh spásúla chun fuinneamh na grianghaoithe a shaothrú), ba dhúshlán é iad a mheas. D'fhéadfaí roghnú iomaitheoirí an bhabhta cheannais a shimpliú trí chatagóirí a chur ar fáil, ach bheadh tionchar aige sin ar thograí na n-iarratasóirí freisin.

2. Bí eagraithe agus bí ag súil le heispéireas foghlama dhá bhealach

I bhfianaise na héagsúlachta agus an líon tábhachtach iarratas a fuarthas, theastaigh go leor oibre chun iad a mheas, agus b'éigean saineolaithe ó chúlraí éagsúla a shlógadh. Dá bhrí sin, bhí sé ríthábhachtach daoine lárnacha ón gcathair agus a geallsealbhóirí áitiúla a bheith ar fáil chun go n-éireodh leis an dúshlán. Le linn an dara céim, bhí na foirne sa bhabhta ceannais in ann bualadh leis na ceannairí polaitiúla, leis na saineolaithe ón gcathair, agus leis na gníomhaithe ó chuideachta fuinnimh Heilsincí. Thug sé sin deis dóibh tuiscint níos fearr a fháil ar na riachtanais agus na constaicí atá os comhair na cathrach, agus d'fhéadfadh na nuálaithe dúshlán a chur faoi ionadaithe na cathrach, rud a d'fhág go mbeadh níos mó aithrise idir na rannpháirtithe.

3. Bí soiléir faoin rud atá uait

Shainmhínigh Heilsincí seacht gcritéar chun na máistirphleananna a mhol na hiomaitheoirí sa bhabhta ceannais a mheas: tionchar ar an aeráid, tionchar ar acmhainní nádúrtha, costais, sceideal feidhmithe, indéantacht, iontaofacht agus slándáil an tsoláthair, agus acmhainn theirmeach. Chuir sé seo brú ar nuálaithe na gnéithe éagsúla de dhúshlán na cathrach a chur san áireamh. D'ullmhaigh Heilsincí tacar sonraí freisin do na hiomaitheoirí sa bhabhta ceannais, chomh maith le toimhdí treoraithe, maidir leis an éileamh fuinnimh i gcás foirgneamh sa todhchaí, mar shampla. Mar sin tugadh an creat céanna do gach foireann. Bhí gá le toimhdí freisin mar gheall ar rúndacht roinnt sonraí, nó toisc nach raibh freagraí ag an gcathair ar cheisteanna uile na n-iomaitheoirí sa bhabhta ceannais.

4. Tabhair cuireadh d'fhoirne idirnáisiúnta agus d'fhoirne idirdhisciplíneacha

Thug Heilsincí cuireadh do dhaoine ó gach cearn den domhan páirt a ghlacadh sa dúshlán seo: fuarthas iarratais ó níos mó ná 35 tír. Bhí daoine nach raibh baint acu le cásanna áitiúla

ná náisiúnta in ann smaointe lasmuigh den bhosca a mholadh: chuidigh sé le heolas nua a thabhairt agus na héifeachtaí greamaithe a sheachaint (a bheith gafa in aon chatagóir réitigh amháin). Roghnaigh an chathair giúiré idirnáisiúnta de phríomh-shaineolaithe freisin chun na deich dtogra deiridh a mheas agus na buaiteoirí a roghnú.

Féach ar thaifeadadh den seimineár gréasáin chun níos mó eolais a fháil ar an méid a d'fhoghlaim an chathair ón eispéireas uathúil seo.